**Cló Nua-Rómánaċ (1964)**

CAIBIDEAL 1: *Cúis mo scéil—beirtear mé—mo ṁáṫair agus an Seanduine Liaṫ—an tiġ s'againne—an gleann 'nár tógaḋ mé—cruatán fadó ag Gaelaiḃ.*

TÁID NA NÉITHE ATÁ LUAITE AGAM sa scríḃinn seo dá gcur agam ann de ḃrí go ḃfuil an saol eile ag druidim liom go sciobṫa—abḟad uainn go léir an droċ-rud agus nár aiṫneoċaiḋ an t-ainspiorad mar ḃráṫair mé—agus fós mar ná beiḋ ár leiṫéidí arís ann. Is cóir cuḃaí go gcuirfí ar fáil don ṁuintir leanann sinn fáisnéis éigin ar na *divarsions*[1] agus *advintures*[2] aḃí ann lenar linn mar ná beiḋ sómplaí arís ann go bráṫ agus mar ná beiḋ aon tsaol eile ann i nÉirinn ċoíċe ionċurṫa leis an saol úd againne naċ ḃfuil anois ann.

O Cúnasa mo ṡloinnead Gaelaċ, Bónapart m'ainm agus isí Éire féin an tírín is dúċas dom. Ní ciuṁneaċ liom go fírinneaċ an lá rugaḋ mé ná aon ċuid den ċéad leiṫ-ḃliain a ċaiṫeas abfus ar an saol so, aċt gan aṁras ḃíos im ḃeaṫaiḋ go cinnte san aimsir sin cé naċ ḃfuil aon ċuiṁne agam uirṫi, óir ní ḃéinn anois ann aċt go raḃas an uair sin ann, agus is do réir a ċéile a ṫig ciall don duine ach oiread le gaċ créatúr eile.

An oíċe roiṁ an ċéad lá-ḃreiṫe dom is aṁlaiḋ ḃí m'aṫair-se agus Máirtín Ó Bánasa 'na suí ar ṁullaċ ċró-na-gcearc ag breaṫnú na spéire dóiḃ ag faire ar an uain agus fós ag caint le ċéile go macánta cneasta ar ḋeacraċtaí an tsaoil.

"Maiseaḋ, a Ṁáirtín", aduḃairt m'aṫair, "tá an ġaoṫ adtuaiḋ agus tá crot doiċeallaċ ar na Beanna Bána, beiḋ fearṫainn ann roiṁ ṁaidin agus

[1] scleip. [2] eaċtrai.



Myles na gCopaleen, *An Béal Boċt* (Baile Átha Cliath, 1964).